

# ***Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2022***

## **Ár Misean**

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custam a chur i bhfeidhm

## **Seirbhísí do Chomhlíontacht**

## **Aghaidh a Thabhairt ar Neamhcho mhlíontacht**

## **Ár bhFís**

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus Custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra



## Réamhrá an Bhoird

Tagann Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2022 (TCC 2022) leis an Ráiteas Straitéise 2021 go dtí 2023 agus tá sé mar bhonn eolais do na Pleananna Gnó Rannóige mionsonraithe le haghaidh 2022.

Cuirfidh muid leis an bhfeidhmíocht láidir agus na héachtaí a baineadh in 2021.

Leagtar amach i TCC 2022 na tosaíochtaí atá againn faoi láthair don bhliain atá amach romhainn. Tá an timpealleacht ina bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim ag athrú go tapa, tá a fhios againn go gcaithfidh muid bheith ullamh chun déileáil le teagmhais gan choinne in 2022.

Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar athruithe ar bhealach gasta, agus go leanfar athléimneacht agus solúbthacht a léiriú i bhfianaise dhálaí atá ag athrú. Déanfaidh muid athbheachtú agus ath-tosaíocht ar ár bpleananna, lena n-áirítear na tosaíochtaí sa doiciméad seo, de réir mar is gá, ar mhaithe le riachtanais an phobail a chomhlíonadh. Is é seo an cás go háirithe agus Éire ag leanúint de bheith ag oiriúnú do dhúshláin a bhaineann le COVID-19, idir dhúshláin shóisialta agus eacnamaíoch araon, agus bainistiú a dhéanamh ar na himpleachtaí leanúnacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ag fágáil ar AE, agus timpeallacht is creat idirnáisiúnta cánach atá ag athrú.

In 2022, leagfaidh muid béim as an nua ar an gcomhlíontacht, agus í á spreagadh le tabhairt isteach Chreat um Idirghabháil Chomhlíontachta nua i mBealtaine. Leanfaidh muid orainn tionscnaimh nua i ndáil le seirbhís do chomhlíontacht a n-imscaradh thar na cánacha is dleachtanna uile. I gcás na seirbhíse agus na comhlíontachta araon, déanfaidh muid na deiseanna agus na féidearthachtaí maidir le cur chuige fíor ama i ndáil lenár gcuid oibre a bharrfeabhsú.

Beidh príomhról ag na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh ullmhúchán na hÉireann i leith forbairtí cánach idirnáisiúnta a thiocfaidh chun cinn sna blianta atá amach romhainn, agus déanfar cuid mhaith den obair bhunriachtanach i dtaca leis sin in 2022.

Leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann ionas go mbeidh siad in ann a dtacar sainscileanna agus ár gcumas mar eagraíocht a fhorbairt. Cuirfidh muid sábhailteacht agus folláine ár bhfoirne i gcroílár ár gcur chuige i gcónaí, agus ár bhfís a bheith ar an rogha fostóra dár bhfoireann láithreach agus d'earcaigh nua ionchasacha araon á bhaint amach.

**Niall Cody**  
Cathaoirleach


**Gerry Harrahill**  
Coimisinéir

**Mick Gladney**  
Coimisinéir

## Ár gCreat Pleanála Straitéiseach



## Ráiteas Straitéise 2021 go dtí 2023



***Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Tá ocht bpríomhréimse tosaíochta aitheanta ag ár Ráiteas Straitéise 2021 go 2023. Tá siad curtha ar fáil thíos agus le haghaidh gach ceann, tá na bunghníomhaíochtaí pleanáilte do 2022 curtha in iúl.***

## TACAÍOCHT A THABHAIRT DON FHREAGRA NÁISIÚNTA AR AN bPAINDÉIM

### Ráiteas Straitéise 2021-23

Leanfaidh muid de na scéimeanna agus forálacha a thug an Rialtas isteach mar fhreagra ar COVID-19 a riar agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPP), an Scéim Tacaíochta Srianataí COVID-19 (STSC), Faoiseamh ó Chaillteanais Brostaithe agus Stórasú Fiachais. Beidh muid sofhreagrúil agus athléimneach i gcónaí maidir leis an gcumas tacaíocht a thabhairt don Stát i gcoinne thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

### Tosaíocht

1. Cuirfidh muid scéimeanna agus soláthar COVID-19 an Rialtais i bhfeidhm chun tacú le gnóthaí agus chun ioncaim agus fostaíocht a chosaint, agus tacaíochtaí agus treoracha riachtanacha á soláthar do ghnóthaí agus do dhaoine aonair.

2. Tacú le gnóthaí a bhfuil dlíteanais cánach tabhaithe acu le linn srianta COVID a bheith i bhfeidhm trí bhainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an Scéim um Stórasú Fiachais i gcaitheamh na bliana 2022.

3. Iontaofacht scéimeanna tacaíochta COVID a chinntiú, agus a áirithiú go bhfaigheann gnóthaí na tacaíochtaí cearta ag an am ceart. Cabhrú le cáiníocóirí chun aghaidh a thabhairt ar a n-oibleagáidí cánach a thagann chun cinn. Leanúint d'fhreagra éifeachtach a thabhairt ar aon riosca maidir le mí-úsáid na scéimeanna eagsúla.

## 2. SEIRBHÍS DEN SCOTH A CHUR AR FÁIL

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Déanfaidh muid ár múnla seirbhíse i leith comhlíontachta a athbheachtú agus a athdhírú, agus riachtanais ár gcustaiméirí, taithí an tsoláthair seirbhíse le linn na paindéime, athruithe sna múnlaí gnó agus ról agus obair na ngníomhairí cánach agus na n-idirghníomhaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh muid tuilleadh forbartha ar dheiseanna le leas a bhaint as buntáistí teicneolaíochta agus léargais sonraí ar fud ár n-idirghníomhaithe gnó.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. Ár samhail um sheirbhís le haghaidh na comhlíontachta a fhorbairt, agus ár gcur chuige a chur in oiriúint go héifeachtach do riachtanais na gcóhort eagsúla de cháiníocóirí atá ann. Ár gcur chuige deighilte maidir lenár gcásanna a neartú ar bhealach a thacaíonn le cáiníocóirí a gcuid dualgas cánach agus dleachta uile a chomhlíonadh.

2. Seirbhísí Teicniúla na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS) a dhaingniú a thuilleadh trí threochlár RTS a chur chun feidhme, rud a forbraíodh in 2021 chun tacú le cáiníocóirí agus a ngníomhairí agus a n-idirghabhálaithe chun a gcuid dualgas cánach agus dleachta a chomhlíonadh.

3. Ár soláthar seirbhíse a fhorbairt thar raon réimsí lena n-áirítear:

- cumas na gcáiníocóirí a fheabhsú i ndáil lena gcuid creidmheasanna cánach a choigeartú nó i ndáil le creidmheasanna bhreisithe a éileamh i bhfor-am ó cheann ceann na bliana, agus
- Ár samhail seachadta seirbhíse a athrú ar mhaithe le gníomhairí chun léibhéil na comhlíontachta saorálaí a bharrfheabhsú.

Freagairt a thabhairt go réamhghníomhach ar na riachtanais atá ag gnóthaí a bhfuil i mbun trádála leis an Ríocht Aontaithe de réir mar a thagann éabhlóid ar an timpeallacht iar-Brexit.

### 3. COMHLÍONTAcht THRÁTHÚIL A UASMHÉADÚ

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Cuirfidh muid tuilleadh feabhais ar ár n-idirghníomhaíocht fíor-ama agus freagra ar riosca, ag tógáil ar dheighilt ár mbonn custaiméirí. Bainfidh muid leas as ár mbailiúcháin sonraí agus ár gcumas ard-anailísíochta. Leanfaidh muid d'fhéin-athbhreithniú agus féincheartúchán ag cáiníocóirí a spreagadh. Cuirfidh muid creat athbhreithnithe um idirghabhálacha comhlíontachta i bhfeidhm a thacaíonn le hidirghníomhú luath agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, bunaithe ar an leibhéal riosca agus iompar cáiníocóirí.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. An Creat um Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIC) agus An Cód Cleachtas a chur chun feidhme ón 1 Bealtaine 2022, agus ar an tslí sin déanfar na deiseanna atá ag cáiníocóirí chun a bheith comhlíontach go hiomlán a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí fhéincheartú agus nochtuithe a dhéanamh de réir mar is cuí; agus ag an am céanna, freagra iomchuí a thabhairt i ndáil le cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a roghnaíonn gan leas a bhaint as na deiseanna sin.

2. Measúnú riosca fíor-ama sonraíbhunaithe agus idirghabhálacha bunaithe ar roghnú cásanna a chur chun feidhme chun formhaoirseacht atá dírithe ar an gcomhlíontacht rioscabhunaithe thráthúil a bharrfheabhsú, agus an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontacha a íoslaghdú ag an am céanna.

3. Tacú le cur chun feidhme na n-athruithe a bhaineann leis an timpeallacht chánach idirnáisiúnta, á chinntiú go gcuireann muid an tsoiléire agus na tacaíochtaí atá riachtanach ar fáil do ghnóthaí ionas go mbeidh sé ar a gcumas na ceanglais tuairiscithe agus íocaíochta a thiocfaidh chun cinn a chomhlíonadh ina iomláine.

## 4. TEICNEOLAÍOCHT

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Tabharfaidh muid tosaíocht do chlár athnuachana teicneolaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil an t-ardán agus cumas TF againn cur lenár bpríomhchláir gnó agus cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú tuilleadh, ag díriú ar phróiseas uathobrithe, digitiú agus seirbhísí a phearsantú. Leanfaidh muid dár bpáirt a imirt i bhforbairt Bhonneagair Sonraí Náisiúnta na hÉireann.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. Próiseas athnuachana na teicneolaíochta a neartú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun uathobriú na bpróiseas agus sruthlíniú na seirbhísí a bharrfheabhsú ar shlí atá dírithe ar an gcustaiméir.

2. Forbairt a dhéanamh ar Straitéis Dhigitithe a thugann tacaíocht don chóras cánach agus dár bpróisis a nuachóiriú ionas gur féidir leas a bhaint as na deiseanna chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh soláthar fíor-ama maidir lenár seirbhísí le haghaidh comhlíontachta agus lenár ngníomhaíocht chomhlíontachta, agus leagfar béim ar leith in 2022 ar réimsí a bhaineann le Cánacha Caipitil, CBL agus Dleacht Stampa.

3. Leagfar béim as an nua ar luach ár sonraí, d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a bhailíonn muid agus chun barrfheabhsú a chur ar an gcaoi á úsáidtear sonraí mar thaca lenár misean araon. Sa chomhthéacs sin, coinneoidh muid slándáil sonraí, cibearshlándaíl san áireamh, agus sláine sonraí ag croílár an chur chuige atá againn i gcónaí.

5.

ÁBALTACHT AGUS CUMAS IN IONAD OIBRE ATHRAITHEACH

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Mar eagraíocht mhuinteartha, leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann, barr feabhais a chur ar scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla atá riachtanach don lá inniu agus le haghaidh na ndeacrachtaí riaracháin athraitheacha amach anseo atá ag teacht chun cinn. I gcomhairle lenár bhfoireann agus ag foghlaim ó thaithí chianoibre na bliana 2020, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre agus ionad oibre, i ndáil lenár dtosaíochtaí gnó, athchóirithe fhoriomlána na Státseirbhíse, sláinte agus leas ár bhfoireann, chomh maith lena gcuid riachtanais oiliúna, mheantóireachta agus tacaíochta.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. An chéad chéim eile dár bPlean Fórsa Saothair a chur chun feidhme chun freagrúlacht agus gastacht ár bhfórsa saothair a chaomhnú, lena n-áirítear ár gcumas chun dul i mbun pléití le cáiníocóirí i gcomhréir le samlacha agus riachtanais ghnó, de réir mar a thagann siad chun cinn.

2. Ár bpáirt a ghlacadh chun tionchar a imirt ar dhearadh na socruithe oibre a bheidh ann amach anseo ar fud na Státseirbhíse. Cuirfidh muid na solúbthachtaí maidir leis na socruithe seo i bhfeidhm chun cur le leas agus saol oibre ár muintir agus, ag an am céanna, go n-áiríteofar comhtháthú agus cumas eagrúcháin.

3. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith na foghlama agus na forbartha cumais ionas go n-áiríteofaí ár stráitéis riachtanais ár ndaoine agus ár n-eagraíocht. Neartóidh muid cumas ceannaireachta ár mbainisteoirí ar gach léibhéal ach go háirithe.



## 6. IMEACHT NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Cuirfidh muid leis na bunúis láidre oibre atá déanta againn cheana féin agus leanfaidh muid d'idirghníomhú a dhéanamh le gnóthaí agus príomhgheallsealbhóirí eile. Glacfaidh muid ár bpáirt in obair uile tras-Rialtais, le gluaiseacht trádála dlisteanáí éifeachtach a éascú, chomh maith le hiomaíocht náisiúnta a mhéadú, díriú agus cur isteach ar thrádáil neamhdhleathach, agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. Leanfaidh muid de bheith ag déanamh teagmháil le gnóthaí Éireannacha, lenár gcomhpháirithe Rialtais agus le húdaráis an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe mar ullmhúchán i gcomhair nósanna imeachta custam nua na Ríochta Aontaithe a a gceanglófar in 2022.

2. Oibreoidh muid leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus leis an gCoimisiún Eorpach chun a áirithiú go ndéanfaidh cur chun feidhme Phrótocal Thuaisceart Éireann trádáil dhlísteanaigh a éascú agus sláine an Mhargaidh Aonair agus an Aontais Chustaim a chaomhnú.

3. Áiritheoidh muid go bhfuil na struchtúir chustam inmheánaigh agus bhainistithe teorann cuí againn agus go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm, agus trádáil dhlísteanaigh á héascú go hiomchuí agus freagra éifeachtach á thabhairt ar shreabha aindleathacha trádála san am céanna.

## 7. ANAILÍS BEARTAIS

### Ráiteas Straitéise 2021 2023

Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhairle polasaí is fearr a sholáthar i leith oiriúnú chreat cánach an Stáit le cuspóirí an Rialtais a chomhlíonadh. Tacóidh muid le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais, an Plean Gníomhaíochta Aeráide agus an Coimisiún um Chánachas agus Leas molta. Beidh sé i gceist againn torthaí polasaí a mhúnlú, a dhéanann comhlíontacht a dhearadh, neamhchomhlíontacht a laghdú agus an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí a uasmhéadú.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

### Tosaíocht

1. Tacaíocht a thabhairt don Roinn Airgeadais maidir leis an meastóireacht agus leis an bhforbairt leanúnach a dhéantar ar an gcreat beartais cánach agus dleachta, agus trínár rannchuidiú leis na próisis a bhaineann leis an mBuiséad agus leis an mBille Airgeadais ach go háirithe.

2. Ár bpáirt a ghlacadh maidir le 'Tithíocht do Chách' agus 'An Plean Forbartha Náisiúnta' a leathnú amach, lena n-áirítear Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe a thabhairt isteach agus aon tograí a bhaineann le maoinne folmha a chur faoi cháin.

3. Seasamh oibríochta eolasach agus fianaise-bhunaithe a thabhairt chuig cur chun feidhme na n-athruithe beartais, lena n-áirítear iad siúd a n-eascraíonn ón gclár oibre cánach idirnáisiúnta agus ó mholtaí an Choimisiúin um Chánachas agus Leas.

## CLÁR NA gCÁNACHA AGUS CUSTAM IDIRNÁISIÚNTA.

Ráiteas  
Straitéise  
2021 2023

Tacóidh muid leis an Aire agus an Roinn Airgeadais an clár idirnáisiúnta athraitheach cánach a mhúnlú agus aghaidh a thabhairt air chomh maith. Tacóidh muid leis na forbairtí ar fud an AE, an OECD agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam, ag baint úsáide as ár dtionchar mar chóras comhtháite cánach agus custam thar na tionscnaimh uile.

***In 2022, mar chuid dár dtosaíochtaí corparáideacha i ndáil leis an gcuspóir seo, déanfaidh muid an méid seo:***

Tosaíocht

1. Oibreoidh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais i leith mholtaí an AE agus an OECD chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitiú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí.

2. Comhoibreoidh muid le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus ról gníomhach á ghlacadh againn maidir le hábhair a bhaineann le comhoibriú riaracháin. Áiríteoidh muid gur de réir na gcaighdeán is airde do mhalartú sonraí cánach idirnáisiúnta á gcomhlíonadh againn, agus oibriú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sonraí arna malartú a gheobhaidh muid ag an am céanna.

3. Páirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscadail straitéiseacha thiomnaithe ar leibhéal an AE d'fhonn tionchar a imirt ar chur chun feidhme na gcuspóirí a comhaontaíodh ionas go n-íoslaghdófar na hualaí custam ar ghníomhaíocht thráchtála dhlísteanach trasteorann uile, lena n-áirítear r-thráchtáil.